Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2018**
**(OR. en)**

**7052/18**

**FIN 225**
**FSTR 9**
**FC 9**
**REGIO 12**
**SOC 136**
**CADREFIN 18**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Márta 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6678/18 FIN 180 FSTR 6 FC 6 REGIO 9 SOC 110 CADREFIN 15 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtaca le "Coinníollachtaí ex ante agus cúlchiste feidhmíochta sa chomhtháthú: ionstraimí atá nuálach cé nach bhfuil siad éifeachtach go fóill" - Conclúidí ón gComhairle [12 Márta 2018] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtaca le "Coinníollachtaí *ex ante* agus cúlchiste feidhmíochta sa chomhtháthú: ionstraimí atá nuálach cé nach bhfuil siad éifeachtach go fóill", arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3604ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 12 Márta 2018.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtaca le "Coinníollachtaí *ex ante* agus cúlchiste feidhmíochta sa chomhtháthú: ionstraimí atá nuálach cé nach bhfuil siad éifeachtach go fóill"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" anseo feasta) agus barúlacha an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcumhdaíonn an Tuarascáil an tréimhse ó mhí na Nollag 2013 go mí Feabhra 2017;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, eadhon:

a) <u>Coinníollachtaí *ex ante*</u>

– Cuireadh creat comhsheasmhach ar fáil leis na coinníollachtaí ex-ante le measúnú a dhéanamh ar ullmhacht na mBallstát chun Cistí Struchtúrthacha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE) a chur chun feidhme ag tús na clárthréimhse 2014-2020; mar sin féin, ní léir don Chúirt a mhéid a bhí na coinníollachtaí *ex ante* ina gcúis le hathruithe éifeachtacha ar an talamh le linn na tréimhse a cumhdaíodh leis an iniúchadh;

– I gcás coinníollachtaí nár comhlíonadh nó i gcás na bpleananna gníomhaíochtaí nár tugadh chun críche iad, níor thapaigh an Coimisiún an deis chun íocaíochtaí a chur ar ceal, an tráth a nglacadh clár;

– Faoi dheireadh na bliana 2016, i gcás beagnach leath de phleananna gníomhaíochta na mBallstát maidir leis na coinníollachtaí *ex ante* a chomhlíonadh, níor tuairiscíodh gur cuireadh i gcrích iad;

b) <u>Cúlchiste feidhmíochta</u>

- Ní dócha go mbeidh an creat feidhmíochta agus an cúlchiste feidhmíochta ina gcúis le hathdháileadh mór caiteachais comhtháthaithe le linn na tréimhse 2014-2020 ar chláir a fheidhmíonn níos fearr, agus ba bheag dreasacht a thug an cúlchiste feidhmíochta chun go mbeadh díriú ar thorthaí ní b'fhearr i gceist leis na cláir oibriúcháin ós rud é gur bunaithe ar chaiteachas agus ar aschuir den chuid is mó a bhí sé;

- Na fionraithe agus na ceartúcháin airgeadais atá ann i gcomhair tearcfheidhmíochta, is faoi réir coinníollacha sriantacha atá siad agus dá bhrí sin ní dócha go gcuirfí i bhfeidhm iad;

(4) DÉANTAR TAGAIRT do dhoiciméad inmheánach oibre an Choimisiúin Aibreán 2017 maidir le breisluach coinníollachtaí *ex ante*[1], do thuarascáil straitéiseach 2017 an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Chistí SIE[2], agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léiriú cuibheasach dearfach atá sna doiciméid agus sna sonraí is déanaí maidir le coinníollachtaí *ex ante* a chomhlíonadh agus ar a éifeachtaí atá siad;

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE sna freagraí uaidh maidir le torthaí na Tuarascála ón gCúirt go dtugann an Coimisiún míniú ar réasúnaíocht na coinníollachta *ex ante*, an chreata feidhmíochta agus na sásraí cúlchiste; go háirithe, déanann an Coimisiún

a) aird a tharraingt ar raon feidhme an chreata feidhmíochta agus an chúlchiste feidhmíochta mar uirlisí lena dtacaítear le díriú ar thorthaí de réir loighic daingean idirghabhála na gclár[3], agus

b) meabhraíonn sé gur trí bhíthin coinníollachtaí *ex ante* a tugadh isteach íoscheanglais agus íoschoinníollacha chun feabhas a chur ar an gcreat infheistíochta agus ar a éifeachtúla agus a éifeachtachtaí atá caiteachas chistí SIE[4];

---

[1] 7956/17.
[2] 15788/17 + ADD 1.
[3] Féach freagraí ón gCoimisiún faoi phointe V., 72 agus pointe 104 den Tuarascáil ón gCúirt.
[4] Féach freagraí ón gCoimisiún faoi phointe 39 den Tuarascáil ón gCúirt.

(6) MEABHRAÍONN SÍ DI na seasaimh dá cuid a cuireadh in iúl sna conclúidí ón gComhairle roimhe seo maidir le hionstraimí na gcoinníollachtaí *ex ante* agus an chreata feidhmíochta, a tugadh isteach den chéad uair i gciste an bheartais chomhtháthaithe don tréimhse 2014-2020[5];

(7) IARRANN SÍ an athuair ar an gCoimisiún mar a rinne i mí na Samhna 2016[6] féachaint an bhféadfaí gnéithe nua de Chistí SIE a úsáid mar shampla do bheartais eile de chuid an Aontais a mhaoinítear le buiséad an Aontais;

<u>Coinníollachtaí *ex ante*</u>

(8) TUGANN SÍ DÁ hAIRE de réir Thuarascáil Straitéiseach 2017 ón gCoimisiún[7], i mí na Samhna 2017, go raibh 97 % de na coinníollachtaí *ex ante* comhlíonta ag na Ballstáit, rud a d'fhág gur beag an líon a bhí fós le comhlíonadh;

(9) MEABHRAÍONN SÍ i gcás roinnt Ballstát ag tús na clárthréimhse 2014-2020 go raibh orthu dua a chaitheamh le comhlíonadh na gcoinníollachtaí *ex ante* ó thaobh ama agus acmhainní de;

(10) CUIREANN SÍ I bhFÁTH de réir Airt. 19(2) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna[8], nach raibh sé de cheangal ar na Ballstáit comhlíonadh na gcoinníollachtaí a thuairisciú ach ina dtuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme nó ina dtuarascáil ar dhul chun cinn in 2017, rud nach raibh de cheangal orthu a dhéanamh faoi dheireadh na bliana 2016;

---

Conclúidí ón gComhairle maidir le Torthaí agus Gnéithe Nua an Bheartais Chomhtháthaithe agus maidir le Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa an 16 Samhain 2016 (14542/16, lch. 8-9); Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe a dhéanamh níos éifeachtaí, ábhartha agus infheicthe dár saoránaigh (8463/17, lch. 4); Conclúidí ón gComhairle maidir le Sineirgí agus Simpliú a dhéanamh ar an mBeartas Chomhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh an 15 Samhain 2017 (14263/17, lch. 6).

6 Féach conclúidí ón gComhairle maidir le Torthaí agus Gnéithe Nua an Bheartais Chomhtháthaithe agus maidir le Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa an 16 Samhain 2016 (doc.14542/16, lch. 7).

7 15788/17, lch. 12.

8 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

(11) MEASANN SÍ gur cruthaíodh go nuige seo, le taithí na mBallstát agus torthaí an Choimisiúin le déanaí, an breisluach a bhaineann leis na coinníollachtaí *ex ante* ó thaobh athchóirithe a spreagadh agus feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta don bheartas comhtháthaithe;

(12) MEASANN SÍ gur cheart ionstraim na gcoiníollachtaí *ex ante* a choimeád i ndiaidh 2020, ach nach mór í a chuíchóiriú a thuilleadh;

(13) CUIREANN SÍ I dTREIS, i bhfianaise mholadh 1a) ón gCúirt, gur cheart don Choimisiún, agus an reachtaíocht maidir le beartas comhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh á hullmhú aici, a ábhartha, a chomhréirí agus a úsáidí atá gach ceann de na coinníollachtaí *ex ante* a athmheas, deireadh a chur le forluí agus na coinníollachtaí sin amháin a choimeád a d'fhéadfadh tionchar iarbhír a bheith acu ar chuspóirí an bheartais chomhtháthaithe a chomhlíonadh go héifeachtach;

(14) CUIREANN SÍ I dTREIS, i bhfianaise mholadh 1a) ón gCúirt, gur cheart don Choimisiún féachaint cé mar is féidir ról na coinníollachta ex-ante a fheabhsú maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe ábhartha don tréimhse ó 2020 ar aghaidh; MEABHRAÍONN SÍ a seasamh a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2016[9] gur cheart tuilleadh comhsheasmhachta a lorg amach anseo idir bearta éagsúla lena ndéantar éifeachtacht Chistí SIE a nascadh le rialachas eacnamaíoch, ag cur leis na ceachtanna a foghlamaíodh ó choinníollachtaí ex-ante a thabhairt isteach;

(15) IARRANN SÍ ar na Ballstáit lena mbaineann agus ar an gCoimisiún a ndícheall a dhéanamh lena áirithiú go ndéantar na coinníollachtaí *ex ante* nár comhlíonadh atá fágtha a chomhlíonadh gan mhoill;

<u>Cúlchiste feidhmíochta</u>

(16) IS OTH LÉI nár dhírigh an Chúirt ach ar bhainistiú an chúlchiste feidhmíochta amháin agus nár chlúdaigh sí gach ar bhain le bunú an chreata feidhmíochta agus na ceachtanna a foghlamaíodh uaidh sin;

---

9 14542/16, lch. 9.

(17) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tugadh isteach an cúlchiste feidhmíochta mar ionstraim éigeantach don tréimhse 2014-2020 mar cheann de na gnéithe a bhain le díriú ar thorthaí le go bhféadfaí, go príomha, dul chun cinn a spreagadh i ndáil le cur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, go rannchuideofaí le cuspóirí na gclár a chur i gcrích;

(18) MEABHRAÍONN SÍ, i gcomhréir le hAirt. 21 agus le hAirt. 22 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, go ndéanfar an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht agus leithdháileadh an chúlchiste feidhmíochta ar bhonn na faisnéise agus na measúnuithe atá sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a chuirfidh na Ballstáit isteach sa bhliain 2019;

(19) MEASANN SÍ mar sin gur cheart measúnú cuimsitheach ar an gcúlchiste feidhmíochta a dhéanamh tar éis é a fhorfheidhmiú in 2019, ós rud é gur deacair measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an ionstraim sin ag an gcéim ag a bhfuil an cur chun feidhme faoi láthair, agus gur róluath atá sé teacht ar aon conclúid chríochnaitheach i ndáil leis sin;

(20) MEASANN SÍ mar sin féin, go dtí go ndéanfar measúnú cuimsitheach den sórt sin ar an gcúlchiste feidhmíochta, aon fhorbairt a dhéanfar amach anseo ar an gcreat feidhmíochta agus ar shásraí cúlchiste ón tréimhse 2020 ar aghaidh, gur mhó béim a bheadh orthu a dhearadh mar shásraí dreasachtaí-bhunaithe, agus nár cheart gnéithe smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ach sa chás nach mbeadh an dara rogha ann;

(21) MEASANN SÍ, i bhfianaise mholadh 2) ón gCúirt, gur cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh i gcás aon ionstraim feidhmíochta ó 2020 ar aghaidh: comhréireacht, aga moille idir idirghabhálacha agus réadú na dtorthaí.

---